



Uimhir 21 de 2017

Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (Leasú), 2017
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 21 de 2017

**ACHT AN BHAINC CEANNAIS AGUS ÚDARÁS SEIRBHÍÍ
AIRGEADAIS NA hÉIREANN (LEASÚ), 2017**

[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt

1. Mínithe
2. Leasú ar alt 57BA den Phríomh-Acht
3. Leasú ar alt 57BK den Phríomh-Acht
4. Leasú ar alt 57BS den Phríomh-Acht
5. Leasú ar alt 57BX den Phríomh-Acht
6. Leasú ar alt 57CA den Phríomh-Acht
7. Leasú ar alt 57CI den Phríomh-Acht
8. Leasú ar alt 57CL den Phríomh-Acht
9. Leasú ar alt 57CP den Phríomh-Acht
10. Gearrtheideal

[Uimh. 21.] *Acht an Bhainc Ceannais agus*
Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann [2017.]
(Leasú), 2017.

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (Uimh. 22)

Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2004 (Uimh. 21)



Uimhir 21 de 2017

**ACHT AN BHAINC CEANNAIS AGUS ÚDARÁS SEIRBHÍSÍ
AIRGEADAIS NA hÉIREANN (LEASÚ), 2017**

[An tiontú oifigiúil]

Acht do dhéanamh socrú maidir le feidhmeanna an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais a neartú, maidir leis an nós imeachta le haghaidh gearáin ó thomhaltóirí agus maidir le nithe gaolmhara. [25 Iúil 2017]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

Mínithe

1. Chun críocha an Achta seo:

ciallaíonn “Acht 2004” Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2004;

ciallaíonn “Príomh-Acht” Acht an Bhainc Ceannais, 1942.

Leasú ar alt 57BA den Phríomh-Acht

2. Leasaítear alt 57BA den Phríomh-Acht (arna chur isteach le halt 16 d’Acht 2004) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘seirbhís airgeadais fhadtéarmach’—

- (a) faoi réir mhír (b), seirbhís airgeadais ar tréimhse shocraithe 5 bliana agus aon mhí amháin, nó tréimhse is faide, a ré, ach, d’ainneoin go bhféadfadh gur 5 bliana agus aon mhí amháin (nó tréimhse is faide) a dtéarma comhiomlán, ní thagann sraith téarmaí comhleanúnacha faoi réim na míre seo maidir le ré seirbhíse airgeadais (ar choinníoll nach 5 bliana agus aon mhí amháin, nó tréimhse is faide, fad aon téarma aonair díobh), nó
- (b) seirbhís airgeadais is árachas saoil lena mbaineann Rialacháin Chreata na gComhphobal Eorpach (Árachas Saoil), 1994 (I.R. Uimh. 360 de 1994), de bhua Rialachán 4 de na Rialacháin sin (nach árachas saoil a thagann faoi réim Aicme VII a mhínítear sa chéad Iarscríbhinn a ghabhann leo sin) agus is cuma an bhfuil nó nach bhfuil téarma an árachais saoil sin socraithe de réir tréimhse féilire shonraithe;”.

Leasú ar alt 57BK den Phríomh-Acht

3. Leasaítear fo-alt (4) d’alt 57BK den Phríomh-Acht (arna chur isteach le halt 16 d’Acht 2004) tríd an bhfocal “mhíchúí” a chur isteach i ndiaidh an fhocail “aird”.

Leasú ar alt 57BS den Phríomh-Acht

4. Leasaítear alt 57BS den Phríomh-Acht (arna leasú) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (5) go (9):

“(5) Tagann soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais faoi réim an fho-ailt seo más rud é, le linn na bliana airgeadais roimhe sin, gur ndearna an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais fionnachtain go bhféadfaí seasamh, seasamh go substaintiúil nó seasamh go páirteach, le 3 ghearán ar a laghad a bhain leis an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais agus a rinneadh chuig an Ombudsman sin.

(6) Is í an fhianaise dá dtagraítear i bhfo-alt (4)—

- (a) ainm an tsoláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais, lena n-áirítear aon ainm trádála (murab é an t-ainm céanna é),
- (b) más infheidhme, céannacht aon ghrúpa ar comhalta de an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais, agus
- (c) an líon gearán a ndearnadh fionnachtain ina leith go bhféadfaí seasamh, seasamh go substaintiúil nó seasamh go páirteach, leo maidir leis an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais sa bhliain airgeadais roimhe sin.

(7) Chun críocha dhlí an chlúmhille, beidh foilsíú na faisnéise dá dtagraítear i bhfo-alt (4) i dtuarascáil faoi fho-alt (1) is faoi phribhléid iomlán.

(8) Ní nochtfar céannacht aon ghearánaigh i dtuarascáil faoi fho-alt (1) ná ní fhoilseofar aon ní sa tuarascáil a d’fhéadfadh a thabhairt go n-aithneofaí aon ghearánach, mura dtoilíonn an gearánach leis sin i scríbhinn.

(9) Chun críocha an ailt seo, más rud é go ndearna an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais achomharc i gcoinne fhionnachtain an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais go bhféadfaí seasamh, seasamh go substaintiúil nó seasamh go páirteach, le gearán, ní mheasfar go ndearnadh fionnachtain amhlaidh i dtaobh an ghearáin ach amháin—

- (a) nuair a dhaingneofar an fhionnachtain (fara modhnú nó gan mhodhnú) ar achomharc, nó
- (b) nuair a tharraingeofar siar an t-achomharc, nuair a scriosfaidh an Ard-Chúirt amach é nó nuair a thréigfear é.”

Leasú ar alt 57BX den Phríomh-Acht

5. (1) Leasaítear fo-alt (3) d’alt 57BX den Phríomh-Acht (arna chur isteach le halt 16 d’Acht 2004) trí “Faoi réir fho-ailt (3B) go (3F), níl tomhaltóir” a chur in ionad “Níl tomhaltóir”.

(2) Leasaítear alt 57BX den Phríomh-Acht tuilleadh tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3A):

“(3B) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (3)(b) maidir le gearán ó thomhaltóir i ndáil le hiompar a bhaineann le seirbhís airgeadais fhadtéarmach.

(3C) Déanfar gearán ó thomhaltóir i ndáil le hiompar (“an t-iompar lena mbaineann”) a bhaineann le seirbhís airgeadais fhadtéarmach chuig an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais laistigh de cibé ceann de na tréimhsí seo a leanas is deireanaí a rachaidh in éag:

- (a) 6 bliana ó dháta an iompair lena mbaineann;
- (b) trí bliana ón cibé ceann acu seo is luaithe, an dáta a tháinig, nó ar chóir le réasún go dtiocfadh, an t-iompar lena mbaineann ar iúl an duine atá ag déanamh an ghearáin; nó
- (c) cibé tréimhse is faide ná sin a cheadóidh an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais más dealraitheach dó nó di go bhfuil forais réasúnacha ann chun tréimhse is faide a iarraidh agus go mbeadh sé ceart agus cothromasach, sna himthosca go léir, an tréimhse a fhadú amhlaidh,

ach ní fhéadfar aon ghearán i ndáil le seirbhís den sórt sin a dhéanamh mura rud é—

- (i) go mbeidh na coinníollacha a shonraítear i bhfo-alt (3D) comhlíonta, nó
- (ii) go ndearna an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais tréimhse is faide a cheadú faoi mhír (c).

(3D) Is iad na coinníollacha dá dtagraítear i bhfo-alt (3C)(c)(i) nach mbeidh an tseirbhís airgeadais fhadtéarmach lena mbaineann dulta in éag ná foirceanta ar shlí eile tráth is luaithe ná 6 bliana roimh dháta an ghearáin, agus gur le linn na bliana 2002 nó dá héis a tharla an t-iompar a ndearnadh an gearán ina leith.”.

(3) Leasaítear alt 57BX den Phríomh-Acht (arna chur isteach le halt 16 d’Acht 2004) tríd an méid seo a leanas a chur isteach:

“(3E) Beidh feidhm ag na teorainneacha ama atá sonraithe i bhfo-alt (3C) maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) aon ghearán arna fháil ag an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais nach mbeidh measúnú déanta air i dtaca lena oiriúnacht chun a bhreithnithe ag an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais; agus
- (b) aon ghearán arna fháil ag an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais roimh theacht i bhfeidhm don fho-alt seo agus ar diúltaíodh dó mar ghearán a bhí lasmuigh de na teorainneacha ama is infheidhme san Acht seo agus a cuireadh faoi bhráid an Ombudsman athuair ar theacht i bhfeidhm don fho-alt seo nó dá éis.”.

Leasú ar alt 57CA den Phríomh-Acht

6. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 57CA (arna chur isteach le halt 16 d’Acht 2004):

- “**57CA.** (1) Déanfaidh an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais iarracht, a mhéid is féidir, mar chuid d’imscrúdú, gearán a réiteach trí idirghabháil.
- (2) Rachaidh an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais i dteagmháil le gearánaigh agus le soláthraithe chun a chinntiú go dtuigtear cad é an cuspóir atá leis an idirghabháil d’fhonn rannpháirteachas sa phróiseas idirghabhála a chur chun cinn.
- (3) Is go saorálach a ghlacann páirtithe i ngearán páirt in idirghabháil, agus féadfaidh páirtí tarraingt siar aon tráth.
- (4) Féadfaidh an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais, ar fhorais réasúnacha, iarracht ar ghearán a réiteach trí idirghabháil a thréigean, de réir mar is cuí leis nó léi.
- (5) Maidir le fianaise ar aon rud a déarfár nó a admhófár le linn idirghabháil nó iarracht ar idirghabháil a dhéanamh i leith gearáin, agus aon doiciméad arna ullmhú chun críocha na hidirghabhála, ní bheidh siad inghlactha—
- (a) in aon imscrúdú ina dhiaidh sin, faoin gCuid seo, ar an ngearán (mura dtoileoidh an duine a rinne an admháil, nó lena mbaineann an doiciméad, lena glacadh nó lena ghlacadh), nó
- (b) in aon imeachtaí os comhair cúirt nó binse sa Stát.
- (6) I gcás nach n-éiríonn le hiarracht chun gearán a réiteach trí idirghabháil, maidir leis an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais—
- (a) déileálfaidh sé nó sí leis an ngearán trí bhreithniú, agus
- (b) tabharfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn do na páirtithe dá réir sin.”.

Leasú ar alt 57CI den Phríomh-Acht

7. (1) Leasaítear alt 57CI den Phríomh-Acht (arna chur isteach le halt 16 d’Acht 2004) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Ar imscrúdú ar ghearán a chríochnú is gearán nár réitíodh ná nár tarraingíodh siar, déanfaidh an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais cinneadh i scríbhinn á rá—

- (a) go bhféadfar seasamh leis an ngearán,
- (b) go bhféadfar seasamh go substaintiúil leis an ngearán,
- (c) go bhféadfar seasamh go páirteach leis an ngearán, nó
- (d) go ndiúltaítear don ghearán.”.

- (2) Leasaítear alt 57CI den Phríomh-Acht (arna chur isteach le halt 16 d’Acht 2004) tuilleadh tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Féadfar fionnachtain a dhéanamh go bhféadfar seasamh, seasamh go substaintiúil nó seasamh go páirteach le gearán ar cheann amháin nó níos mó de na forais seo a leanas:

- (a) go raibh an t-iompar a ndearnadh an gearán ina leith contrártha don dlí;

- (b) go raibh an t-iompar a ndearnadh an gearán ina leith míréasúnach, éagórach, leatromach nó idirdhealaitheach go míchuí, a mhéid a bhain sé leis an ngearánach;
 - (c) cé go raibh an t-iompar a ndearnadh an gearán ina leith de réir dlí nó de réir cleachtas nó caighdeán rialála bunaithe, go bhfuil nó go bhféadfadh go bhfuil an dlí, an cleachtas nó an caighdeán míréasúnach, éagórach, leatromach nó idirdhealaitheach go míchuí, a mhéid a bhaineann sé leis an ngearánach;
 - (d) go raibh an t-iompar a ndearnadh an gearán ina leith bunaithe go hiomlán nó go páirteach ar thucaid mhíchuí, ar fhoras neamh-ábhartha nó ar chúinse neamh-ábhartha;
 - (e) go raibh an t-iompar a ndearnadh an gearán ina leith bunaithe go hiomlán nó go páirteach ar earráid dlí nó fíorais;
 - (f) nár tugadh míniú ar an iompar a ndearnadh an gearán ina leith nuair ba chóir míniú a thabhairt air;
 - (g) go raibh an t-iompar a ndearnadh an gearán ina leith míchuí ar shlí eile.”.
- (3) Leasaítear alt 57CI den Phríomh-Acht (arna chur isteach le halt 16 d’Acht 2004) tuilleadh tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) I gcás go ndéanfar fionnachtain go bhféadfar seasamh, seasamh go substaintiúil nó seasamh go páirteach le gearán, féadfaidh an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais a ordú don soláthraí seirbhíse airgeadais ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- (a) an t-iompar a ndearnadh an gearán ina leith nó iarmhairtí an iompair sin a athbhreithniú, a chur ina cheart, a mhaolú nó a athrú;
- (b) cúiseanna leis an iompar sin nó mínithe air, a thabhairt;
- (c) cleachtas a bhaineann leis an iompar sin a athrú;
- (d) méid cúitimh a íoc leis an ngearánach as aon chailteanas, caiteachas nó ceataí a d’fhulaing an gearánach de dheasca an iompair a ndearnadh an gearán ina leith;
- (e) aon ghníomh dleathach eile a dhéanamh.”.

Leasú ar alt 57CL den Phríomh-Acht

8. Leasaítear alt 57CL den Phríomh-Acht (arna chur isteach le halt 16 d’Acht 2004) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Ní mór achomharc faoin alt seo a dhéanamh—

- (a) tráth nach déanaí ná 35 lá ón dáta a thugtar fógra maidir le fionnachtain an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais, nó
- (b) laistigh de cibé tréimhse bhreise a cheadóidh an Ard-Chúirt.”.

Leasú ar alt 57CP den Phríomh-Acht

9. Leasaítear alt 57CP den Phríomh-Acht (arna chur isteach le halt 16 d’Acht 2004) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Ní fhéadfaidh an Ard-Chúirt iarratas a dheonú faoi fho-alt (1) murab é tuairim na hArd-Chúirte gur dóigh don iompar a iarrtar a shrianadh dochar a dhéanamh d’éifeacht nó do chur i ngníomh breithe, nó í nó é a neamhniú, is breith a d’fhéadfadh an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais a thabhairt faoin gCaibidil seo dá ndéanfaidh an tOmbudsman sin fionnachtain go bhféadfar seasamh, seasamh go substaintiúil nó seasamh go páirteach leis an ngearán lena mbaineann an t-iompar.”.

Gearrtheideal

10. Féadfar Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (Leasú), 2017 a ghairm den Acht seo.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€2.54

ISBN 978-1-4468-6022-9



9 781446 860229